Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 438

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

18 Samhain 2022

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 438/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10893 — QUATTROR / IMTC / MTD) [1] 1

2022/C 438/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10888 — INEOS / SINOPEC / INEOS STYROLUTION ADVANCED MATERIALS) [1] 2

2022/C 438/03 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10916 – ALPHA / PENINSULA / PRIMA INDUSTRIE) [1] 3

2022/C 438/04 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10953 – ADD / TOTALENERGIES / TOTAL) [1] 4

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 438/05 Rátaí malairte an euro — 17 Samhain 2022 5

GA

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Coimisiún Eorpach

2022/C 438/06 Fógra de bhun Airteagal 29(2) de na rialacháin foirne — Foilsiú folúntais le haghaidh feidhm Stiúrthóra Caighdeán, Scaipthe agus Comhair sa Chóras Staidrimh Eorpach (AD 14) san Ard-Stiúrthóireacht Eurostat (Lucsamburg): — COM/2022/10420 6

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 438/07 Fógra tionscnaimh maidir le páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe, d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne 7

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 438/08 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10897 – PREDICA / VAUBAN / TELEFONICA / BLUEVIA) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 12

2022/C 438/09 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10929 — GENERALI REAL ESTATE / MUNICH RE / SAXON LAND) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 14

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.10893 — QUATTROR / IMTC / MTD)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 438/01)

An 25 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10893. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.10888 — INEOS / SINOPEC / INEOS STYROLUTION ADVANCED MATERIALS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 438/02)

An 25 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10888. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.10916 – ALPHA / PENINSULA / PRIMA INDUSTRIE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 438/03)

An 28 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10916. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.10953 – ADD / TOTALENERGIES / TOTAL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 438/04)

An 14 Samhain 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10953. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ([1])

17 Samhain 2022

(2022/C 438/05)

1 euro =

	Airgeadra	Ráta malairte		Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0319	CAD	dollar Cheanada	1,3820
JPY	yen na Seapáine	144,80	HKD	dollar Hong Cong	8,0770
DKK	krone na Danmhairge	7,4383	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,6986
GBP	punt steirling	0,87475	SGD	dollar Shingeapór	1,4221
SEK	krona na Sualainne	10,9871	KRW	won na Cóiré Theas	1 394,06
CHF	franc na hEilvéise	0,9818	ZAR	rand na hAfraice Theas	18,0961
ISK	króna na hÍoslainne	148,90	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,3859
NOK	krone na hIorua	10,4980	HRK	kuna na Cróite	7,5410
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	IDR	rupiah na hIndinéise	16 224,01
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,399	MYR	ringgit na Malaeisia	4,7122
HUF	forint na hUngáire	415,60	PHP	peso na nOileán Filipíneach	59,293
PLN	zloty na Polainne	4,7153	RUB	rúbal na Rúise	
RON	leu na Rómáine	4,9254	THB	baht na Téalainne	37,123
TRY	lira na Tuirce	19,2124	BRL	real na Brasaíle	5,6535
AUD	dollar na hAstráile	1,5526	MXN	peso Mheicsiceo	20,0620
			INR	rúipí na hIndia	84,3940

([1]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN COIMISIÚN EORPACH

FÓGRA DE BHUN AIRTEAGAL 29(2) DE NA RIALACHÁIN FOIRNE

Foilsiú folúntais le haghaidh feidhm Stiúrthóra Caighdeán, Scaipthe agus Comhair sa Chóras Staidrimh Eorpach (AD 14) san Ard-Stiúrthóireacht Eurostat

(Lucsamburg):

COM/2022/10420

(2022/C 438/06)

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach fógra folúntais (tagairt: COM/2022/10420) le haghaidh feidhm Stiúrthóra Caighdeán, Scaipthe agus Comhair sa Chóras Staidrimh Eorpach (AD 14) san Ard-Stiúrthóireacht Eurostat (Lucsamburg).

Chun téacs an fhógra folúntais a fheiceáil i 24 theanga agus chun d'iarratas a chur isteach, téigh chuig an leathanach gréasáin tiomnaithe seo ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: https://europa.eu/!XVXW4m

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Fógra tionscnaimh maidir le páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe, d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne

(2022/C 438/07)

Tá iarraidh faighte ag an gCoimisiún Eorpach ("an Coimisiún") ar pháirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe, d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"). Tá an páirt-athbhreithniú eatramhach teoranta do raon feidhme an táirge.

1. Iarraidh ar athbhreithniú

Chuir KWTools B.V. ("an t-iarratasóir"), allmhaireoir de chuid an Aontais, an iarraidh isteach an 22 Lúnasa 2022.

2. An táirge faoi athbhreithniú

Is é an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo feistis feadáin nó píobáin snáithithe, d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, cé is moite de bhunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13 agus comhchumair chiorlacha snáithithe d'iarann intuargainte gan claibín a bheith orthu, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 19 10 (cóid TARIC 7307 19 10 10 agus 7307 19 10 20), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne.

3. Bearta atá ann cheana

Is dleacht chinntitheach frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ón gCoimisiún iad na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ([2]).

4. Foras an athbhreithnithe

Sholáthair an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach go n-áirítear táirgí ar cheart iad a eisiamh i raon feidhme an bhirt atá ann cheana.

Líomhain an t-iarratasóir go bhfuil na nithe seo a leanas cumhdaithe ag raon feidhme bunaidh an táirge: (i) tíonna clampaí insínte iarainn ar a bhfuil séalú rubair, lena n-úsáid ar phíobán cruach eitrithe a bhfuil poll asraoin air; (ii) barrchaidhpeanna insínte iarainn eitrithe, lena n-úsáid ar phíobán cruach eitrithe a bhfuil asraon snáithithe air; (iii) laghdaitheoirí eitrithe insínte iarainn a bhfuil ceann snáithithe orthu; agus (iv) tíonna laghdaithe eitrithe iarainn insínte a bhfuil asraon snáithithe orthu. Líomhnaítear nach bhfuil na buntréithe fisiceacha agus teicniúla céanna agus na húsáidí deiridh céanna ag na táirgí sin agus atá ag an táirge a chumhdaítear leis na bearta agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a mheas mar tháirgí ar leithligh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, Lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe, d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 197, 25.7.2019, Lch. 2).

5. **Nós imeachta**

Agus é cinnte ag an gCoimisiún, tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt le páirt-athbhreithniú eatramhach a thionscnamh, athbhreithniú a bheidh teoranta do raon feidhme an táirge, tá sé ag tionscnamh athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

Cuireann an Coimisiún ar a súile do na páirtithe freisin gur foilsíodh Fógra ([3]), i bhfianaise ráig COVID-19, faoi iarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir leis an imeacht seo.

5.1. *Teachtaireachtaí i scríbhinn*

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, leis seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a sholáthar maidir lena oiriúnaí atá sé raon feidhme na mbeart a athbhreithniú. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5.2. *Páirtithe leasmhara*

Chun bheith rannpháirteach san imscrúdú, ní mór do pháirtithe leasmhara, amhail táirgeoirí onnmhairiúcháin, táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí tomhaltóirí ionadaíocha, ní mór dóibh a léiriú i dtús báire gur ann do nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú.

Is gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán a mheastar go bhfuil páirtí ina pháirtí leasmhar.

Is féidir an comhad lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara a rochtain trí Tron.tdi ag an seoladh seo a leanas: https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI. Lean na treoracha ar an leathanach sin chun rochtain a fháil.

5.3. *An deis éisteacht a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin*

Féadfaidh gach páirtí leasmhar éisteacht le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh.

Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór cúiseanna na hiarrata a shonrú inti mar aon le hachoimre ar an méid ar mian leis an bpáirtí leasmhar a phlé le linn na héisteachta. Beidh an éisteacht teoranta do na saincheisteanna arna leagan amach ag na páirtithe leasmhara i scríbhinn roimh ré.

Ag céim na dtorthaí cinntitheacha, ba cheart iarraidh a dhéanamh laistigh de 3 lá ó dháta an nochta deiridh, agus is le linn na tréimhse a dheonófar maidir le barúlacha a thabhairt faoin nochtadh deiridh a reáchtálfar an éisteacht de ghnáth. Más ann do nochtadh deiridh breise, ba cheart iarraidh a dhéanamh láithreach a luaithe a gheofar an nochtadh deiridh breise sin, agus reáchtálfar an éisteacht roimh an sprioc-am i ndáil le barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh sin.

Tá an creat ama sonraithe gan dochar do cheart sheirbhísí an Choimisiúin glacadh le héisteachtaí lasmuigh den chreat ama i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus tá sé gan dochar do cheart an Choimisiúin diúltú d'éisteachtaí i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. I gcás ina ndiúltóidh seirbhísí an Choimisiúin d'iarraidh ar éisteacht, cuirfear na cúiseanna leis an diúltú sin in iúl don pháirtí lena mbaineann.

I bprionsabal, ní úsáidfear éisteachtaí chun faisnéis fhíorasach nach bhfuil sa chomhad go fóill a chur i láthair. Mar sin féin, ar mhaithe le dea-riarachán agus chun gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin dul ar aghaidh leis an imscrúdú, féadfar iarraidh ar pháirtithe leasmhara faisnéis fhíorasach nua ábhartha a chur ar fáil tar éis na héisteachta.

([3]) Maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 i ndáil le himscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, Lch. 6).

5.4. *Treoracha maidir le haighneachtaí scríofa a dhéanamh agus comhfhreagras a sheoladh*

Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipcheart tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear don Choimisiún a) an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gcearta chun cosanta a fheidhmiú.

Gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar san Fhógra seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras atá curtha ar fáil ag na páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo, cuirfear an lipéad "*Íogair*" ([4]) orthu. Páirtithe a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe sin, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin leo.

Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis "*Íogair*" achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán, achoimrí ar a gcuirfear an lipéad "*Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara*". Ba cheart do na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe ar bhealach leordhóthanach chun go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún a thuiscint go réasúnta.

Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thabhairt lena iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI) lena n-áirítear cóipeanna scanta de chumhachtaí aturnae agus de dheimhniúcháin. Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad "COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA", doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://circabc.europa.eu/ui/group/2e3865ad-3886-4131-92bb-a71754fffec6/library/c8672a13-8b83-4129-b94c-bfd1bf27eaac/details.

Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theileafóin agus a seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil, seoladh a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, seachas sa chás go n-iarrfaidh siad na doiciméid uile ar an gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide go sainráite, nó mura rud é gur gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise a fháil maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha dá dtagraítear thuas maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

Commission européenne
Direction générale du commerce
Direction G
Bureau: CHAR 04/039
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË /// AN BHEILG

R-phost: TRADE-R784-MTF@ec.europa.eu

6. **Sceideal an imscrúdaithe**

De ghnáth, tabharfar an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 12 mhí, agus in aon chás tabharfar i gcrích é tráth nach déanaí ná 15 mhí ó dháta foilsithe an Fhógra seo, de bhun Airteagal 11(5) den bhun-Rialachán frith-dhumpála.

([4]) Is éard is doiciméad "*Íogair*" ann doiciméad a meastar é a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (An Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, Lch. 43).

7. **Faisnéis a chur isteach**

Go hiondúil, ní fhéadfaidh na páirtithe leasmhara faisnéis a chur isteach ach amháin laistigh de na creata ama a shonraítear i roinn 5 den Fhógra seo.

Chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na sprioc-amanna sainordaitheacha, ní ghlacfaidh an Coimisiún le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara tar éis an sprioc-ama chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, tar éis an sprioc-ama chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh breise.

8. **An deis barúlacha a thabhairt maidir le haighneachtaí ó pháirtithe eile**

Chun cearta na cosanta a ráthú, ba cheart an deis a bheith ag páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach. Agus sin á dhéanamh acu, ní fhéadfaidh páirtithe leasmhara aghaidh a thabhairt ach ar na saincheisteanna a ardaítear in aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara eile agus ní fhéadfaidh siad saincheisteanna nua a tharraingt anuas.

Na barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile ar fáil mar fhreagairt ar nochtadh na dtorthaí cinntitheacha, ba cheart iad sin a chur isteach laistigh de 3 lá ón sprioc-am chun tuairim a thabhairt ar na torthaí cinntitheacha, mura sonraítear a mhalairt. Más ann do nochtadh deiridh breise, barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a sholáthair páirtithe leasmhara eile mar fhreagairt ar an nochtadh sin, ba cheart na barúlacha sin a chur isteach laistigh de 1 lá ón sprioc-am chun barúil a thabhairt maidir leis an nochtadh sin, mura sonraítear a mhalairt.

D'fhonn an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na spriocdhátaí éigeantacha, ní ghlacfaidh an Coimisiún le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara tar éis an spriocdháta chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh.

9. **Síneadh leis na teorainneacha ama a shonraítear san Fhógra seo**

Níor cheart aon síneadh maidir leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a iarraidh ach amháin i gcás imthosca eisceachtúla, agus ní dhéanfar síneadh a dheonú ach amháin má bhíonn údar cuí leis agus cúis mhaith léirithe.

In aon chás, beidh teorainn 3 lá de ghnáth le síneadh a chur leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt ar cheistneoirí, agus mar riail ghinearálta ní rachaidh sé thar 7 lá.

Maidir le teorainneacha ama i ndáil le faisnéis eile seachas an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a chur isteach, ní rachaidh aon síneadh ama thar 3 lá, mura léirítear gur ann d'imthosca eisceachtúla.

10. **Neamh-chomhoibriú**

I gcás ina ndiúltóidh aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, is ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil a fhéadfar na torthaí a dhéanamh, bídís deimhneach nó diúltach, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

I gcás inar léir gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin agus féadfar úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, má tá na torthaí bunaithe ar fhíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh sé tar éis comhoibriú.

Ní mheasfar gur neamh-chomhoibriú é mainneachtain freagra leictreonach a thabhairt, ar choinníoll go léiríonn an páirtí leasmhar go mbeadh ualach breise nó costas breise mí-réasúnach ann dá dtabharfaí freagra ar an mbealach a iarradh é. Ba cheart don pháirtí leasmhar sin teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach.

11. **Oifigeach Éisteachta**

Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh i gcomhair imeachtaí trádála. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.

Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí nó na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú ina n-iomláine. Is i scríbhinn ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

Ní mór aon iarraidh dírithe ar an Oifigeach Éisteachta a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do pháirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna le hiarrataí ar idirghabhálacha, ar chineál na saincheisteanna a ardaíodh agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna an dea-riaracháin agus don imscrúdú a thabhairt chun críche go tráthúil.

Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://policy.trade.ec.europa.eu/contacts/hearing-officer_en.

12. **Sonraí pearsanta a phróiseáil**

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) a chaithfear le haon sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo.

Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine aonair ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: https://circabc.europa.eu/ui/group/2e3865ad-3886-4131-92bb-a71754fffec6/library/cef4ace2-299e-4e29-a17e-d450f34a23a5/details.

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L295, 21.11.2018, lch.39).

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10897 – PREDICA / VAUBAN / TELEFONICA / BLUEVIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 438/08)

1. An 3 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Predica nó Prévoyance Dialogue du Crédit Agricole S.A. ("Predica", an Fhrainc)

— Vauban Infrastructure Partners S.C.A. ("Vauban", an Fhrainc)

— Telefonica S.A. ("Telefonica", an Spáinn)

— Bluevia Fibra, S.L. ("Bluevia", an Spáinn)

Tá Predica, Vauban agus Telefonica ag fáil comhrialú ar Bluevia de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta árachais saoil agus sláinte é Predica, agus is fochuideachta ar lánúinéireacht é de chuid Crédit Agricole Assurances S.A;

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é Vauban a dhíríonn ar infheistíochtaí cothromais bonneagair a bhaineann le dearadh, tógáil, cothabháil, maoiniú agus oibríocht sócmhainní bonneagair bhunriachtanaigh sna hearnálacha iompair, sóisialta, digiteacha agus fóntas;

— Tá Telefonica gníomhach in earnálacha na teileachumarsáide, na meán agus na siamsaíochta, agus díríonn sé ar sheirbhísí a bhaineann le teileafónaíocht shreanglíne agus gan sreang, an leathanbhanda, an t-idirlíon, an trácht sonraí, an teilifís táille agus seirbhísí digiteacha eile;

— Déanfaidh Bluevia líonra snáithín optúil chomh fada leis an mbaile (FTTH) a oibriú agus a shaothrú i limistéir tuaithe agus i limistéir eile is lú daonra sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10897 – PREDICA / VAUBAN / TELEFONICA / BLUEVIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10929 — GENERALI REAL ESTATE / MUNICH RE / SAXON LAND)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 438/09)

1. An 10 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Generali Real Estate S.P.A. ("GRE"), atá faoi rialú Assicurazioni Generali S.P.A amháin ("Generali", an Iodáil sa dá chás),

— Münchener Rückversicherungs-Gesellschaft Aktiengesellschaft ("Munich Re", an Ghearmáin),

— Saxon Land B.V. ("JV", an Ísiltír).

Gheobhaidh GRE agus Munich Re rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is le ceannach scaireanna atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní réadmhaoine é GRE a oibríonn le samhail ghnó chomhtháite a sholáthraíonn raon iomlán na bainistíochta sócmhainní lena n-áirítear seirbhísí bainistithe réadmhaoine agus is san Eoraip a oibríonn sé den chuid is mó. Tá máthairchuideachta dheiridh GRE, Assicurazioni Generali S.P.A., an Iodáil, ag oibriú san earnáil árachais agus airgeadais agus é i mbun gníomhaíochtaí ar fud an domhain.

— Is cuideachta árachais idirnáisiúnta é München Re a chumhdaíonn slabhra luacha iomlán an athatháirachais, na réiteach riosca árachais phríomha agus árachais coimhdeachta, agus a chuireann seirbhísí bainistithe sócmhainní ar fáil chomh maith. Tá Munich Re ag obair ar fud an domhain agus é dírithe go háirithe ar an Eoraip agus ar Mheiriceá Thuaidh.

— Is cuideachta infheistíochta réadmhaoine é JV a bhfuil aon phíosa réadmhaoine ina sheilbh aige, píosa amháin maoine dochorraithe i 120 Fenchurch Street, Londain, an Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil foirgneamh 15 urlár ina bhfuil tuairim agus 40 600 méadar cearnach spáis miondíola suite.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.10929 — GENERALI REAL ESTATE / MUNICH RE / SAXON LAND)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (COMP)
Clárlann na gCumasc (Merger Registry)
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA